RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/1121 ÓN gCOIMISIÚN

an 8 Iúil 2021

lena sonraítear mionsonraí comhlíontachta agus sábháilteachta táirgí na sonraí staidrimh atá le tíolacadh ag na Ballstáit maidir le rialuithe ar tháirgí a thugtar isteach i margadh an Aontais

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2019/1020 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le faireachas margaidh ar tháirgí agus comhlíonadh táirgí agus lena leasaítear Treoir 2004/42/CE agus Rialacháin (CE) Uimh. 765/2008 agus (AE) Uimh. 305/2011 ([1]), agus go háirithe Airteagal 25(9) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rialuithe a dhéanann na húdaráis a d'ainmnigh na Ballstáit de bhun Airteagal 25(1) de Rialachán (AE) 2019/1020 i ndáil le táirgí atá faoi réir dhlí an Aontais agus a thugtar isteach i margadh an Aontais, le hAirteagal 25(6) den Rialachán céanna ceanglaítear ar na Ballstáit sonraí staidrimh mionsonraithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin lena gcumhdaítear na rialuithe sin. Ceanglaítear go háirithe le Rialachán (AE) 2019/1020 go gcumhdóidh na sonraí staidrimh líon na n-idirghabhálacha i réimse na rialuithe ar na táirgí sin a mhéid a bhaineann le sábháilteacht agus comhlíontacht táirgí.

(2) Ní mór mionsonraí na sonraí staidrimh sin a shonrú.

(3) Na húdaráis a ainmníodh faoi Airteagal 25(1) de Rialachán (AE) 2019/1020, i gcás ina ndearna na húdaráis sin idirghabháil agus i gcás inarb é toradh a bhí air sin gur leag údaráis faireachais margaidh ceanglas síos de bhun Airteagal 28(1) agus (2) den Rialachán sin gan táirge a scaoileadh chun saorchúrsaíochta, ba cheart faisnéis níos mionsonraithe faoin táirge lena mbaineann a chur leis na sonraí staidrimh maidir le líon na n-idirghabhálacha chun tuiscint ní b'fhearr a fháil ar shaincheisteanna agus treochtaí i ndáil le sábháilteacht agus comhlíontacht táirgí. Na sonraí staidrimh a thíolacfar, is féidir gur cabhair a bheadh iontu freisin maidir le feabhas a chur ar an mbainistiú riosca.

(4) Na sonraí staidrimh a chuirtear faoi bhráid an Choimisiúin maidir le hidirghabhálacha i réimse na rialuithe, bíodh gur cheart gach rialú ar tháirgí a thugtar isteach i margadh an Aontais a chumhdach leo, níor cheart a chumhdach leo ach na rialuithe inarb amhlaidh a rinne na húdaráis ainmnithe idirghabháil. Dá bhrí sin, sonraí maidir le rialuithe ar trí theicnící leictreonacha próiseála sonraí a rinneadh iad ina n-iomláine, níor cheart iad sin a chuimsiú sna sonraí staidrimh.

(5) Na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo, is bearta iad atá i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste a bunaíodh le hAirteagal 43 de Rialachán (AE) 2019/1020,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

1. Na sonraí staidrimh atá le tíolacadh faoi Airteagal 25(6) de Rialachán (AE) 2019/1020, cuimseofar iontu na mionsonraí sábháilteachta agus comhlíontachta táirgí a leanas maidir le hidirghabhálacha i réimse na rialuithe ar tháirgí atá faoi réir dhlí an Aontais:

(a) líon iomlán na n-idirghabhálacha;

(b) líon iomlán na n-idirghabhálacha arb é an toradh a bhí orthu gur cuireadh an scaoileadh chun saorchúrsaíochta ar fionraí de bhun Airteagal 26(1) de Rialachán (AE) 2019/1020;

(c) maidir le gach idirghabháil arb é an toradh a bhí uirthi gur leag na húdaráisábhartha ceanglas síos go gcuirfeadh na hoibreoirí eacnamaíocha lena mbaineann gníomhaíochtaí sonracha i gcrích, nó gur leag údarás faireachais margaidh ceanglas síos de bhun Airteagal 28(1) agus (2) de Rialachán (AE) 2019/1020 gan táirge a scaoileadh chun saorchúrsaíochta:

(i) an dáta a ghlac na húdaráis custaim leis an dearbhú custaim;

([1]) IO L 169, 25.6.2019, lch. 1.

(ii) táscaire maidir leis an gcineál dearbhaithe custaim i gcás dearbhú custaim lena mbaineann tacar sonraí laghdaithe de bhun Airteagail 143a agus 144 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2446 ón gCoimisiún ([2]);

(iii) an tír thionscnaimh (eilimint sonraí 16 08 000 000), nó mura bhfuil fáil ar an eolas sin, tír an onnmhaireora (fo-eilimint sonraí 13 01 018 020);

(iv) cód fo-cheannteidil an Chórais Chomhchuibhithe (fo-eilimint sonraí 18 09 056 000);

(v) an cód Ainmníochta Comhcheangailte, ach é a bheith ar fáil (fo-eilimint sonraí 18 09 057 000);

(vi) na haonaid fhorlíontacha (eilimint sonraí 18 02 000 000) nó, mura bhfuil fáil ar an eolas sin, an ghlanmhais (fo-eilimint sonraí 18 01 000 000);

(vii) an modh iompair ag an teorainn (eilimint sonraí 19 03 000 000);

(viii) an phríomhchatagóir táirgí lena mbaineann;

(ix) reachtaíocht an Aontais is minice a sáraíodh de réir an eolais atá ag na húdaráis faireachais margaidh;

(x) táscaire i dtaobh arbh fhéidir an táirge a scaoileadh chun saorchúrsaíochta ach na hoibreoirí eacnamaíocha lena mbaineann gníomhaíochtaí sonracha a chur i gcrích de réir mar a cheanglaíonn na húdaráis ábhartha.

2. Na sonraí dá dtagraítear i mír 1, cuimseofar na sonraí maidir le gach rialú iontu, cé is moite de rialuithe ar trí theicnící leictreonacha próiseála sonraí a rinneadh iad ina n-iomláine.

3. Chun críocha mhír 1, i gcás ina gcumhdóidh dearbhú custaim táirgí a thagann faoi scáth dhá ítim nó níos mó sa dearbhú sin, is éard a mheasfar gur idirghabháil ar leith atá san idirghabháil maidir le gach ítim faoi seach.

4. Chun críocha phointí (iii) go (vii) de phointe (c) de mhír 1 den Airteagal seo, an fhaisnéis atá le fáil sa dearbhú custaim faoin eilimint sonraí chomhfhreagrach in Iarscríbhinn B a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2446, sin í an fhaisnéis atá sna sonraí atá le tíolacadh. Mar sin féin, sa chás go gcuirfidh na Ballstáit ceanglais sonraí éagsúla i bhfeidhm maidir leis an dearbhú custaim, agus sin á dhéanamh acu i gcomhréir le hAirteagail 2, 143a agus 144 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2446 nó le rialacha idirthréimhseacha ar bith eile a leagtar amach sa Rialachán sin, sá chás sin is éard a bheidh sna sonraí atá le tíolacadh an fhaisnéis choibhéiseach sa dearbhú custaim atá faoi réir na gceanglas sonraí sin.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an tríú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 16 Iúil 2021.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 8 Iúil 2021.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

([2]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2446 ón gCoimisiún an 28 Iúil 2015 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha mionsonraithe a bhaineann le forálacha áirithe de Chód Custaim an Aontais (IO L 343, 29.12.2015, lch. 1).